NUI Galway
OÉ Gaillimh

# Aguisín 2

**Scéim Arduithe Céime chuig Léachtóir Sinsearach**

**Sonraí na bhFoilseachán Foirmiúil**

Iarrtar ort sonraí faoi d'fhoilseacháin fhoirmiúla ar fad a thabhairt. Sa chomhthéacs seo, is ionann 'foilseachán foirmiúil' agus 'foilseachán piarmheasúnaithe le foilsitheoir aitheanta'. Ní áirítear leis sin foilseacháin nach ndearnadh piarmheasúnú orthu, foilseachán nár foilsíodh ach ar an ngréasán amháin, seachas mar a fhoráiltear anseo thíos faoi 'Alt in iris', agus cur i láthair ag comhdháil nuair nach ndearnadh piarmheasúnú air ná nuair nár foilsíodh Imeachtaí foirmiúla na comhdhála.

Tabhair faoi deara nach mór uimhreacha leathanaigh a áireamh le haghaidh gach foilseachán clóite. Áirítear leis seo na foilseacháin seo a leanas:

1. Leabhair: líon iomlán leathanach, eg. 249 lgh.

2. Ailt agus Caibidlí: lgh. 97-116; lgh. 123-25; etc.

Tá eolas le fáil sna sainmhínithe seo a leanas faoi na cineálacha foilseachán a d'fhéadfá a chur faoi bhráid an Bhoird Arduithe Céime:

**Alt Bunúil in Iris Phiarmheasúnaithe**
Gnáthalt piarmheasúnaithe in iris aitheanta. Áirítear leis seo irisí leictreonacha, ar choinníoll go raibh feidhm leis na critéir phiarmheasúnaithe agus aitheantais sa réimse.

**Alt in Iris eile**
Alt in aon iris nach iris phiarmheasúnaithe é.

**Alt Léirmheasa in Iris Phiarmheasúnaithe**
Dála gnáthailt. Ní áirítear leis seo léirmheasanna leabhair astu féin.

**Caibidil i leabhar**
Alt foirmiúil nó caibidil i mbailiúchán alt/caibidlí arna bhfoilsiú i bhfoirm leabhair, agus á chur in eagar ag duine éigin eile go hiondúil.

Más tú a chuir an leabhar in eagar freisin (lena n-áirítear eagarthóireacht ar na hailt a scríobh tú féin agus daoine eile), áirítear eagarthóireacht an leabhair mar fhoilseachán aisti féin.

**Leabhar (údar/comhúdar)**

**Leabhar, Bliainiris nó Eagrán Irise (eagarthóir/comheagarthóir/aoi-eagarthóir)**

Ní áirítear leis seo an cás ina mbíonn an t-iarratasóir ina (h)eagarthóir seasta ar iris nó ina b(h)all de bhord eagarthóireachta irise.

**Meáin Leictreonacha/Bogearraí/Tacar Sonraí**
Údarthacht nó comhúdarthacht nó eagarthóireacht nó comheagarthóireacht ar thaighde bunaidh nó ábhar oideolaíoch bunaithe ar Mheáin Leictreonacha. Ní áirítear leis seo cluichí agus liostaí cartlainne d'ábhar a bhaineann le tríú páirtí.

**Imeachtaí Comhdhála (eagarthóireacht)**
Aoi-eagarthóireacht nó eagarthóireacht rialta ar Imeachtaí iomlána chomhdháil bhliantúil de chuid cumann aitheanta léannta.

**Páipéar comhdhála foilsithe in Imeachtaí na Comhdhála**
Páipéar piarmheasúnaithe a tugadh ag comhdháil agus a foilsíodh ina dhiaidh sin in Imeachtaí foirmiúla.

**Eagráin Léinn**
Eagrán léinn anótáilte de sheantéacs agus eagarthóireacht déanta air.

**Saothar Cruthaitheach**
Drámaí foilsithe a léiríodh go poiblí; Filíocht i mbailiúchán a d'fhoilsigh foilsitheoir aitheanta; Úrscéalta nó gearrscéalta a d'fhoilsigh foilsitheoir aitheanta; Píosaí ceoil nuachumtha a léiríodh go poiblí.

**Paitinn Cheadaithe**
Paitinn iomlán a cheadaigh Oifig Paitinní náisiúnta.

**Tuairisc**
Tuarascáil theicniúil, polasaí nó tuarascáil eile a ullmhaíodh do chomhlacht seachtrach, sa chás gurb iondúil go bhfeidhmíonn an t-údar go hacadúil agus go gairmiúil mar chomhairleoir neamhspleách. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh srianta ar an tuarascáil mar gheall ar riachtanais phríobháideachta corparáidí an urraitheora – tabhair sonraí de réir mar is gá.

**Léirmheas Gearr Leabhair**

**Achoimhrí**

**Léarscáileanna**
Léarscáileanna iomlána a foilsíodh i mbailiúchán nó ar bhileoga. Áirítear leis seo foilseachán leictreonach a bhfuil piarmheasúnú déanta air in GIS seasmhach.

**Eile (sonraigh, le do thoil)**